2025/802

25.4.2025

CINNEADH (AE) 2025/802 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Aibreán 2025

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann leis an dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é an 30 Eanáir 2020 le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin Creat Windsor ([3]).

(3) De bhun Airteagal 23(5) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ([4]) ('an Comchoiste'), tá feidhm le bheith ag Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus Airteagal 15(3) de Chinneadh Uimh. 1/2023 den Chomhchoiste ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe, atá le déanamh faoi seach ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 23(5)(a) agus (b) den Chinneadh sin, sa Chomhchoiste.

(4) Amhail ó dháta an dearbhaithe deiridh, tá feidhm le bheith ag na foirmiúlachtaí custaim simplithe dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1128 ón gCoimisiún ([5]).

(5) De bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 den Chomhchoiste, tá coinne leis go ndéanfaidh an tAontas dearbhú sa Chomhchoiste á rá go bhfuil sé sásta maidir leis an méid seo a leanas: (i) go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bhunú i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([6]) atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus (ii) leis an gcaoi ar chuir an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste ([7]) chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí sin.

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/135/oj).

([3]) Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

([4]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor (IO L 102, 17.4.2023, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/819/oj).

([5]) Tiocfaidh Rialachán Tarmligtha (AE) 2023/1128 on gCoimisiún an 24 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 i bhfeidhm (IO L 149, 9.6.2023, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1128/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

([7]) Cinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena ndéantar forail maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (IO L 443, 30.12.2020, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2250/oj).

(6) I mí Aibreán 2024, chruthaigh an Ríocht Aontaithe córas chun na sonraí ábhartha a bhailiú ó na hiompróirí údaraithe faoi na beartáin gnólacht le tomhaltóir a sheolann siad ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann ('an córas'). Tá an córas forbartha ó shin agus d'úsáid na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe é le linn na céime tástála ar bhonn deonach chun sonraí a sholáthar maidir le beartáin gnólacht le tomhaltóir a sheoltar ó ghnólacht atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann) chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann. Is iad na sonraí a sholáthraíonn na hiompróirí údaraithe atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn 52-03 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

(7) Chun Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 a chur chun feidhme maidir leis an gcóras, tá sé áirithithe ag an Ríocht Aontaithe go bhforáiltear lena córas dlí go dtugtar rochtain ar na sonraí a chuireann na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras d'oifigigh ábhartha den Choimisiún Eorpach, lena n-áirítear na hionadaithe don Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Chreat Windsor. Tá tástáil déanta ag na hoifigigh de chuid an Choimisiúin ar fheidhmiú an chórais, agus ar na sonraí atá curtha isteach go dtí seo. Léiríonn torthaí na céime tástála go gcomhlíonann an córas na paraiméadair theicniúla is gá.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhchoiste') i ndáil leis an Dearbhú Aontaobhach atá le déanamh ag an Aontas laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 den Chomhchoiste, leagtar amach é sa Dréachtdhearbhú Aontaobhach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTDEARBHÚ AONTAOBHACH ÓN AONTAS LAISTIGH DEN CHOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an … 2025

de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste

De bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor, dearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé sásta go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bhunú i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil sé sásta leis an gcaoi ar chuir an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí sin.